AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 4.6.2025
COM(2025) 223 final

Moladh le haghaidh

MOLADH ÓN gCOMHAIRLE

maidir le beartais eacnamaíocha, shóisialta, fostaíochta, struchtúracha agus bhuiséadacha na Rómáine

{SWD(2025) 223 final}

Moladh le haghaidh

MOLADH ÓN gCOMHAIRLE

maidir le beartais eacnamaíocha, shóisialta, fostaíochta, struchtúracha agus bhuiséadacha na Rómáine

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 121(2) agus Airteagal 148(4) de,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2024/1263 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2024 maidir le beartais eacnamaíocha a chomhordú go héifeachtach agus maidir le faireachas buiséadach iltaobhach agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1466/97 ón gComhairle[1], agus go háirithe Airteagal 3(3) de,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Samhain 2011 maidir le míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha a chosc agus a cheartú[2], agus go háirithe Airteagal 6(1) de,

Ag féachaint don mholadh ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint do na rúin ó Pharlaimint na hEorpa,

Ag féachaint do na conclúidí ón gComhairle Eorpach,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste Fostaíochta,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste Eacnamaíoch agus Airgeadais,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Chosaint Shóisialta,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Beartas Eacnamaíoch,

De bharr an mhéid seo a leanas:

Breithnithe ginearálta

(1) Le Rialachán (AE) 2024/1263, a tháinig i bhfeidhm an 30 Aibreán 2024, sonraítear cuspóirí an chreata rialachais eacnamaíoch, creat a bhfuil sé d'aidhm aige airgeadas poiblí inbhuanaithe fónta agus fás cuimsitheach inbhuanaithe agus athléimneacht a chur chun cinn trí athchóirithe agus infheistíochtaí, agus easnaimh iomarcacha rialtais a chosc. Sonraítear sa Rialachán go ndéanfaidh an Chomhairle agus an Coimisiún faireachas iltaobhach i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh i gcomhréir leis na cuspóirí agus na ceanglais a leagtar amach in CFAE. Áirítear sa Seimeastar Eorpach, go háirithe, foirmliú na moltaí tírshonracha agus faireachas ar chur chun feidhme na moltaí sin. Leis an Rialachán, cuirtear úinéireacht náisiúnta i leith an bheartais fhioscaigh chun cinn, agus béim á leagan ar an bhfócas meántéarmach a bhaineann leis an mbeartas céanna, agus i dteannta leis sin cuirtear forfheidhmiú níos éifeachtaí agus níos comhleanúnaí chun cinn chomh maith. Ní mór do gach Ballstát plean fioscach-struchtúrach meántéarmach náisiúnta a chur faoi bhráid na Comhairle agus an

[1] IO L 2024/1263, 30.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1263/oj.

[2] IO L 306, 23.11.2011, lch. 25, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2011/1176/oj.

Choimisiúin, plean ina mbeidh a chuid gealltanas fioscach, athchóiriúcháin agus infheistíochta, thar thréimhse 4 nó 5 bliana, de réir fhad an téarma reachtaigh náisiúnta. Ní mór an chonair ghlanchaiteachais[3] sna pleananna sin ceanglais an Rialacháin a chomhlíonadh, lena n-áirítear na ceanglais ollfhiachas rialtais a chur nó a choimeád ar chonair inchreidte anuas faoi dheireadh na tréimhse coigeartúcháin, nó go bhfanfaidh sé ar leibhéil stuama faoi bhun 60 % den olltáirgeacht intíre (OTI), agus an t-easnamh rialtais ghinearálta a thabhairt agus/nó a choimeád faoi bhun luach tagartha an Chonartha, is é sin 3 % de OTI, sa mheántéarma. I gcás ina dtugann Ballstát gealltanas i leith sraith ábhartha d'athchóirithe agus infheistíochtaí i gcomhréir leis na critéir a leagtar amach sa Rialachán, féadtar síneadh suas le 3 bliana a chur leis an tréimhse choigeartúcháin.

(2) Tháinig Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[4], lenar bunaíodh an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta ('an tSaoráid'), i bhfeidhm an 19 Feabhra 2021. Leis an tSaoráid cuirtear tacaíocht airgeadais ar fáil do na Ballstáit chun athchóirithe agus infheistíochtaí a chur chun feidhme, agus soláthraítear spreagadh airgeadais atá maoinithe ag an Aontas. I gcomhréir le tosaíochtaí an tSeimeastair Eorpaigh um chomhordú an bheartais eacnamaíoch, déanann an tSaoráid an téarnamh eacnamaíoch agus sóisialta a chothú, agus spreagann sí athchóirithe agus infheistíochtaí inbhuanaithe an tráth céanna, go háirithe athchóirithe agus infheistíochtaí trína gcuirtear an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach chun cinn agus trína gcuirtear le hathléimneacht gheilleagair na mBallstát. Cuidíonn sí freisin ó thaobh an t-airgeadas poiblí a neartú agus borradh a chur faoin bhfás agus faoi chruthú post sa mheántéarma agus san fhadtéarma, ó thaobh an comhtháthú críochach a fheabhsú laistigh den Aontas agus ó thaobh tacú le cur chun feidhme leanúnach Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta.

(3) Is é is aidhm do Rialachán (AE) 2023/435 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[5] ('Rialachán REPowerEU'), a glacadh an 27 Feabhra 2023, deireadh a chur, de réir a chéile, le spleáchas an Aontais ar allmhairí breosla iontaise ón Rúis. Cuidíonn sé sin ó thaobh slándáil fuinnimh a bhaint amach agus ó thaobh soláthar fuinnimh an Aontais a éagsúlú, agus an tráth céanna, cuireann sé le glacadh foinsí in-athnuaite fuinnimh, le hacmhainneachtaí stórála agus le héifeachtúlacht fuinnimh. Chuir an Rómáin caibidil nua REPowerEU lena plean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta chun go maoineofar athchóirithe agus infheistíochtaí tábhachtacha a chuideoidh ó thaobh cuspóirí REPowerEU a bhaint amach.

(4) An 31 Bealtaine 2021, chuir an Rómáin a plean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta faoi bhráid an Choimisiúin, i gcomhréir le hAirteagal 18(1) de

---

3 Glanchaiteachas mar a shainmhínítear é in Airteagal 2, pointe (2) de Rialachán (AE) 2024/1263: ciallaíonn 'glanchaiteachas' caiteachas rialtais atá glan ar na rudaí seo a leanas: (i) caiteachas úis; (ii) bearta lánroghnacha ioncaim; (iii) caiteachas ar chláir an Aontais arna meaitseáil go hiomlán le hioncam ó chistí an Aontais; (iv) caiteachas náisiúnta ar chómhaoiniú clár arna gcistiú ag an Aontas; (v) gnéithe timthriallacha den chaiteachas ar shochar dífhostaíochta; agus (iv) bearta aonuaire agus bearta sealadacha eile.

4 Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (IO L 57, 18.2.2021, lch. 17, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/241/oj).

5 Rialachán (AE) 2023/435 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Feabhra 2023 lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/241 a mhéid a bhaineann le caibidlí REPowerEU i bpleananna téarnaimh agus athléimneachta agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) 2021/1060 agus (AE) 2021/1755 agus Treoir 2003/87/CE (IO L 63, 28.2.2023, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2023/435/oj).

Rialachán (AE) 2021/241. De bhun Airteagal 19 den Rialachán sin, rinne an Coimisiún measúnú ar ábharthacht, éifeachtacht, éifeachtúlacht agus comhleanúnachas an phlean téarnaimh agus athléimneachta, i gcomhréir leis na treoirlínte measúnaithe a leagtar amach in Iarscríbhinn V. An 29 Deireadh Fómhair 2021, ghlac an Chomhairle a Cinneadh Cur Chun Feidhme lena bhformheastar an measúnú ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Rómáine[6] a leasaíodh de réir Airteagal 18(2) an 8 Nollaig 2023 chun an ranníocaíocht uasta airgeadais le haghaidh tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha a thabhairt cothrom le dáta, agus chun an chaibidil REPowerEU a chur san áireamh[7]. Chun go scaoilfear na tráthchodanna, caithfidh cinneadh a bheith glactha ag an gCoimisiún, i gcomhréir le hAirteagal 24(5), ina sonraítear go bhfuil na clocha míle agus na spriocanna ábhartha a leagtar amach sa Chinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle bainte amach go sásúil ag an Rómáin. Ní féidir gnóthú sásúil a bheith i gceist ach sa chás nach ndeachthas siar ar ghnóthú na gcloch míle agus na spriocanna roimhe sin maidir leis an athchóiriú céanna nó an infheistíocht chéanna.

(5) An 21 Eanáir 2025, ar mholadh ón gCoimisiún, ghlac an Chomhairle moladh lena bhformhuinítear plean fioscach-struchtúrach meántéarmach náisiúnta na Rómáine[8]. Cuireadh an plean isteach i gcomhréir le hAirteagal 11 agus le hAirteagal 36(1), pointe (a), de Rialachán (AE) 2024/1263, cumhdaíonn sé an tréimhse ó 2025 go 2028 agus cuirtear i láthair ann coigeartú fioscach i gcaitheamh 7 mbliana.

(6) An 26 Samhain 2024, ar bhonn Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011, ghlac an Coimisiún Tuarascáil 2025 maidir leis an Sásra Foláirimh, tuarascáil a shainaithin go bhfuil an Rómáin ar cheann de na Ballstáit a mbeadh grinn-athbhreithniú ag teastáil ina leith. Ghlac an Coimisiún moladh freisin le haghaidh moladh ón gComhairle maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro, agus togra le haghaidh Thuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht 2025, ina ndéantar anailís ar chur chun feidhme na dTreoirlínte Fostaíochta agus ar phrionsabail Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta. Ghlac an Chomhairle an Moladh maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro[9] an 13 Bealtaine 2025 agus an Tuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht an 10 Márta 2025.

(7) An 29 Eanáir 2025 d'fhoilsigh an Coimisiún an Compás Iomaíochais, creat straitéiseach arb é is aidhm dó borradh a chur faoi iomaíochas domhanda an Aontais sna 5 bliana amach romhainn. Sainaithnítear ann na trí riachtanas chlaochlaitheacha a bhaineann le fás eacnamaíoch inbhuanaithe: (i) an nuálaíocht; (ii) an dícharbónú agus an t-iomaíochas; agus (iii) an tslándáil. Chun an bhearna nuálaíochta a dhúnadh, tá sé d'aidhm ag an Aontas nuálaíocht thionsclaíoch a chothú, tacú le fás gnólachtaí nuathionscanta trí thionscnaimh amhail an Straitéis AE um Ghnólachtaí Nuathionscanta agus Gnólachtaí atá ag Méadú, agus glacadh ardteicneolaíochtaí a chur chun cinn, an intleacht shaorga agus an ríomhaireacht chandamach, cuir i gcás. Ar mhaithe le geilleagar níos glaise a bhaint amach, tá Plean Gníomhaíochta cuimsitheach um Fhuinneamh Inacmhainne agus Comhaontú maidir le Tionsclaíocht Ghlan leagtha

---

6 Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 29 Deireadh Fómhair 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Rómáine (12319/21 + ADD1).

7 Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 8 Nollaig 2023 lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme an 29 Deireadh Fómhair 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Rómáine (15833/23 + ADD1).

8 Moladh ón gComhairle an 21 Eanáir 2025 lena bhformhuinítear plean fioscach-struchtúrach meántéarmach na Rómáine, IO C/2025/647, 10.2.2025.

9 Moladh ón gComhairle an 13 Bealtaine 2025 maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro (IO C, C/2025/2782, 22.5.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/2782/oj).

amach ag an gCoimisiún, rud a áiritheoidh go mbeidh an t-aistriú chuig fuinneamh glan costéifeachtach agus fabhrach don iomaíochas i gcónaí, go háirithe i gcás earnálacha dianfhuinnimh, agus ina spreagadh don fhás. Chun spleáchais iomarcacha a laghdú agus an tslándáil a mhéadú, tá an tAontas tiomanta do chomhpháirtíochtaí trádála domhanda a neartú, do shlabhraí soláthair a éagsúlú agus do rochtain ar amhábhair chriticiúla agus ar fhoinsí fuinnimh glana a áirithiú. Is iad na cumasóirí cothrománacha seo a leanas atá ina mbonn taca ag na tosaíochtaí sin — simpliú rialála, doimhniú an mhargaidh aonair, maoiniú iomaíochais agus Aontais Coigiltis agus Infheistíochta, cur chun cinn scileanna agus poist ardcháilíochta , agus comhordú níos fearr ar bheartais an Aontais. Tá an Compás Iomaíochais ailínithe leis an Seimeastar Eorpach, rud a áirithíonn go bhfuil beartais eacnamaíocha na mBallstát comhsheasmhach le cuspóirí straitéiseacha an Choimisiúin, ionas go bhfuil cur chuige aontaithe ann maidir le rialachas eacnamaíoch lena gcothaítear fás inbhuanaithe, nuálaíocht agus athléimneacht ar fud an Aontais.

(8) In 2025, beidh an Seimeastar Eorpach um chomhordú an bheartais eacnamaíoch ag forbairt leis de réir mar a bheidh an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta á cur chun feidhme. Tá cur chun feidhme iomlán na bpleananna téarnaimh agus athléimneachta fós riachtanach chun go mbainfear amach na tosaíochtaí beartais atá ann faoin Seimeastar Eorpach, ós rud é go gcuidíonn na pleananna ó thaobh aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar na dúshláin uile a sainaithníodh sna moltaí tírshonracha ábhartha a eisíodh le blianta beaga anuas, nó ar sciar suntasach de na dúshláin sin. Tá na moltaí tírshonracha sin fós chomh hábhartha céanna maidir leis an measúnú ar phleananna téarnaimh agus athléimneachta leasaithe i gcomhréir le hAirteagal 21 de Rialachán (AE) 2021/241.

(9) Na príomhdhúshláin beartais eacnamaíoch nach dtugtar aghaidh orthu go leordhóthanach leis na bearta atá sna pleananna téarnaimh agus athléimneachta, cumhdaíonn moltaí tírshonracha 2025 iad, agus na dúshláin ábhartha a sainaithníodh i moltaí tírshonracha 2019-2024 á gcur san áireamh.

(10) An 4 Meitheamh 2025, d’fhoilsigh an Coimisiún tuarascáil tíre 2025 maidir leis an Rómáin. Rinneadh measúnú sa tuarascáil sin ar an dul chun cinn atá déanta ag an Rómáin ó thaobh aghaidh a thabhairt ar na moltaí tírshonracha ábhartha agus rinneadh cur chun feidhme phlean téarnaimh agus athléimneachta na Rómáine a mheas. I bhfianaise na hanailíse sin, sainaithníodh sa tuarascáil tíre na dúshláin is práinní atá le sárú ag an Rómáin. Rinneadh measúnú inti freisin ar dhul chun cinn na Rómáine ó thaobh Colún Eorpach na gCeart Sóisialta a chur chun feidhme agus ó thaobh príomhspriocanna an Aontais maidir le fostaíocht, scileanna agus laghdú na bochtaineachta a bhaint amach, mar aon leis an dul chun cinn ó thaobh Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe a bhaint amach.

(11) Rinne an Coimisiún grinn-athbhreithniú ar an Rómáin faoi Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011. Príomhthorthaí an mheasúnaithe a rinne an Coimisiún chun críoch an Rialacháin sin, ar measúnú é ar leochaileachtaí maicreacnamaíocha atá ann i gcás na Rómáine, foilsíodh iad an 13 Bealtaine 2025[10]. An 4 Meitheamh 2025, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go bhfuil míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha iomarcacha ag an Rómáin. Go háirithe, tá méadú tagtha ar leochaileachtaí de réir mar a mhéadaigh easnaimh dhúbailte fhioscacha agus chuntais reatha na Rómáine, agus de réir mar a chuaigh iomaíochas costais in olcas in 2024. Tháinig méadú ar an easnamh

[10] SWD(2025) 126 final.

ard rialtais in 2024. An fás leanúnach ar an easnamh rialtais, go háirithe na méaduithe ar phá agus ar phinsin na hearnála poiblí, ba iad sin ba chúis leis an méadú ar thomhaltas príobháideach agus ar an easnamh sa chuntas reatha atá mór cheana féin. Tháinig borradh breise faoi costas saothair aonadach in 2024 tar éis rátaí fáis an-ard cheana féin sna blianta roimhe sin, rud a laghdaigh an t-iomaíochas costais. In 2024, tháinig lagú ar fhóntacht an mheascáin maoiniúcháin sheachtraigh, bunaithe ar ghlan-infheistíocht dhíreach choigríche shuntasach agus ar chistí an Aontais ina raibh an méadú ar fhiachas seachtrach. Níl coinne ach le laghduithe beaga ar na heasnaimh rialtais agus ar na heasnaimh sa chuntas reatha in 2025 agus 2026. Tiocfaidh moilliú ar fhás costais saothair aonadaigh agus ar an mboilsciú, ach beidh siad fós mór. Bhí an dul chun cinn beartais a rinneadh in 2024 an-bheag agus tháinig méadú ar na rioscaí don chobhsaíocht mhaicreacnamaíoch. Tháinig méadú ar an éiginnteacht pholaitiúil i dtreo dheireadh na bliana seo caite, rud a d'fhág go raibh an tír leochaileach d'athruithe ar mheon infheisteoirí agus do chostais iasachtaíochta níos airde. Tá an fáinne fí idir na bainc agus fiachas ceannasach ar an gceann is mó san Aontas agus tháinig méadú breise air in 2024. Pacáiste suntasach comhdhlúthaithe fhioscaigh a glacadh ag deireadh 2024, lena n-áirítear reo pinsean agus pá rialtais, tá sé fós le comhlánú le bearta breise chun a áirithiú go gcomhlíonfar go hiomlán spriocanna an phlean fhioscaigh-struchtúraigh mheántéarmaigh. Glacadh athchóiriú ar shocrú an phá íosta go luath in 2025. D'fhéadfadh cur chun feidhme an phlean fhioscaigh struchtúrtha mheántéarmaigh agus an athchóirithe cánach in 2025 leochaileachtaí fioscacha a laghdú go suntasach. Ina theannta sin, tá gá le hathchóirithe struchtúracha, agus go háirithe na cinn atá leabaithe sa phlean téarnaimh agus athléimneachta, chun an t-iomaíochas agus an fheidhmíocht onnmhairiúcháin a neartú agus chun cistiú breise ón Aontas a mhealladh. Mar sin féin, is dócha go mbeidh gá le bearta breise. Ar an iomlán, gan gníomhaíocht dhaingean maidir le luamháin athchóirithe fhioscaigh agus struchtúracha araon, is dócha go bhfanfaidh easnaimh fhioscacha agus sheachtracha de bheith ró-ard, rud a fhágann an Rómáin neamhchosanta go mór ar athruithe ar mheon infheisteoirí agus ar shuaití eisginiúla.

Measúnú ar an Tuarascáil Bhliantúil ar Dhul Chun Cinn

(12) An 21 Eanáir 2025, mhol an Chomhairle na huasrátaí fáis glanchaiteachais seo a leanas le haghaidh na Rómáine: 5,1 % in 2025, 4,9 % in 2026, 4,7 % in 2027, 4,3 % in 2028, rátaí a chomhfhreagraíonn do na huasrátaí fáis carnacha arna ríomh faoi threoir 2023, mar atá 20,2 % in 2025, 26,0 % in 2026, 31,9 % in 2027 agus 37,6 % in 2028. In 2025-2030, beidh na huasrátaí fáis glanchaiteachais sin ag teacht leis an gconair cheartaitheach i gcomhréir le hAirteagal 3(4) de Rialachán 1467/97, mar a mhol an Chomhairle an 21 Eanáir 2025 d'fhonn deireadh a chur le staid an easnaimh iomarcaigh[11]. Níor thíolaic an Rómáin Tuarascáil Bhliantúil ar Dhul Chun Cinn go fóill maidir leis an méid a rinneadh mar fhreagairt ar an moladh ón gComhairle an 21 Eanáir 2025 d'fhonn deireadh a chur le staid an easnaimh iomarcaigh, cur chun feidhme na sraithe athchóirithe agus infheistíochtaí atá mar bhonn taca le síneadh a chur leis an tréimhse choigeartúcháin agus cur chun feidhme athchóirithe agus infheistíochtaí lena bhfreagraítear ar na príomhdhúshláin a sainaithníodh i moltaí tírshonracha an tSeimeastair Eorpaigh.

(13) Is dúshlán eiseach don Aontas Eorpach é an cogadh foghach atá an Rúis a chur ar an Úcráin agus a iarmhairtí. Mhol an Coimisiún clásal éalaithe náisiúnta an

[11] Moladh ón gComhairle d'fhonn deireadh a chur le staid an easnaimh iomarcaigh sa Rómáin, C/2025/5038.

Chomhshocraithe Cobhsaíochta agus Fáis a ghníomhachtú ar bhealach comhordaithe chun tacú le hiarrachtaí an Aontais méadú tapa suntasach ar chaiteachas cosanta a bhaint amach agus ba dhíol sásaimh do Chomhairle Eorpach an 6 Márta 2025 an togra sin.

(14) Ar bhonn sonraí atá fíoraithe ag Eurostat[12], tháinig méadú ar easnamh rialtais ghinearálta na Rómáine ó 6,6 % de OTI in 2023 go 9,3 % in 2024, agus tháinig méadú ar an bhfiachas rialtais ghinearálta ó 48,9 % de OTI ag deireadh 2023 go 54,8 % ag deireadh 2024. De réir ríomhanna an Choimisiúin, comhfhreagraíonn na forbairtí sin do ráta fáis glanchaiteachais 19,9 % in 2024. Ar bhonn mheastacháin an Choimisiúin, maidir leis an staid fhioscach[13], lena n-áirítear caiteachas arna mhaoiniú go náisiúnta agus caiteachas arna mhaoiniú ag an Aontas araon, bhí staid fhioscach fhorleathnaitheach ann in 2024, mar atá 0,8 % de OTI.

(15) Réamh-mheastar i Réamhaisnéis an Earraigh 2025 ón gCoimisiún go bhfásfaidh an fíor-OTI faoi 1,4 % in 2025 agus faoi 2,2 % in 2026, agus go mbeidh boilsciú ICPT 5,1 % ann in 2025 agus 3,9 % in 2026.

(16) Réamh-mheastar i Réamhaisnéis an Earraigh 2025 ón gCoimisiún go mbeidh easnamh rialtais ghinearálta 8,6 % de OTI ann in 2025. Léiríonn an laghdú réamh-mheasta ar an easnamh in 2025 den chuid is mó cur chun feidhme pacáiste comhdhlúthaithe fhioscaigh ag deireadh 2024. Áiríodh leis an bpacáiste sin reo ainmniúil ar phá agus ar phinsin agus roinnt bearta breise chun ioncam a fheabhsú. De réir ríomhanna an Choimisiúin, comhfhreagraíonn na forbairtí sin d'fhás glanchaiteachais 5,4 % in 2025. Ar bhonn na réamhaisnéise ón gCoimisiún, maidir leis an staid fhioscach, lena n-áirítear caiteachas a mhaoinítear go náisiúnta agus ón Aontas araon, réamh-mheastar go mbeidh staid fhioscach chrapthach ann in 2025, mar atá 1,4 % de OTI. Tá an cóimheas fiachais rialtais ghinearálta–OTI le méadú go 59,4 % faoi dheireadh 2025. Den chuid is mó, léiríonn an méadú ar an gcóimheas fiachais-OTI in 2025 an t-easnamh príomhúil an-ard agus, ar bhonn níos lú, méadú ar íocaíochtaí úis.

(17) Meastar go maoineofar caiteachas rialtais ghinearálta a dhéanann suas 0,9 % de OTI le tacaíocht neamh-inaisíoctha ('deontais') ón tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta in 2025, i gcomparáid le 0,6 % de OTI in 2024, de réir Réamhaisnéis an Earraigh 2025 ón gCoimisiún. Le caiteachas arna mhaoiniú le deontais ón tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, beifear in ann infheistíocht ardcháilíochta agus athchóirithe lena gcuirfear leis an táirgiúlacht a dhéanamh gan tionchar díreach a imirt ar chomhardú rialtais ghinearálta agus fiachas na Rómáine.

(18) 1,9 % de OTI a bhí i gcaiteachas cosanta an rialtais ghinearálta in 2021, 1,8 % de OTI in 2022 agus 1,7 % de OTI in 2023[14]. De réir Réamhaisnéis an Earraigh 2025 ón gCoimisiún, réamh-mheastar go gcaithfear 1,7 % de OTI in 2024 agus 2025 araon ar

---

12 Táscairí Eurostat-Euro, 22.4.2025.

13 Sainmhínítear an staid fhioscach mar thomhas ar an athrú bliantúil ar riocht buiséadach foluiteach an rialtais ghinearálta. Is é is aidhm dó measúnú a dhéanamh ar an spreagadh eacnamaíoch a eascraíonn as beartais fhioscacha, idir na cinn sin a mhaoinítear go náisiúnta agus na cinn a mhaoinítear le buiséad an Aontais. Déantar an staid fhioscach a thomhas mar an difríocht idir (i) an fás féideartha meántéarmach agus (ii) an t-athrú ar chaiteachas príomhúil glan ar bhearta ioncaim lánroghnacha agus lena n-áirítear caiteachas arna mhaoiniú le tacaíocht neamh-inaisíoctha (deontais) faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta agus le cistí eile an Aontais.

14 Eurostat, caiteachas rialtais de réir aicmiú fheidhmeanna an rialtais (COFOG).

an gcosaint. Comhfhreagraíonn sé sin do laghdú 0,2 pointe céatadáin de OTI i gcomparáid le 2021.

(19) An 21 Deireadh Fómhair 2024, mhol an Chomhairle[15] don Rómáin go ndéanfaí an beartas fioscach níos doichte chun coigeartú fioscach le haghaidh 2024 ina iomláine a bhaint amach. In 2024, tháinig méadú 2,4 pointe céatadáin de OTI ar an easnamh struchtúrach sa Rómáin go 8,8 % de OTI. De réir Réamhaisnéis an Earraigh 2025 ón gCoimisiún, réamh-mheastar go bhfásfaidh an glanchaiteachas sa Rómáin faoi 5,4 % in 2025 agus gur fás carnach 26,4 % a bheidh ann in 2024 agus 2025. Ar bhonn Réamhaisnéis an Earraigh 2025 ón gCoimisiún, réamh-mheastar go mbeidh fás glanchaiteachais na Rómáine in 2025 os cionn an uasráta fáis a mholtar a bhunaítear leis an gconair cheartaitheach, i dtéarmaí bliantúla agus carnacha, rud a chomhfhreagraíonn do dhiall[16] 0,1 % de OTI i gcomparáid leis an uasfhás glanchaiteachais bliantúil a mholtar in 2025, agus diall 1,7 % de OTI i gcomparáid leis an uasfhás glanchaiteachais carnach a mholtar in 2024 agus 2025. Is é is cúis leis an bhfás ard glanchaiteachais sin fás ard ar chaiteachas reatha in 2024 (+18,7 % i gcoibhneas le 2023), go háirithe ar bhille pá na hearnála poiblí (+21,5 % i gcoibhneas le 2023) agus aistrithe sóisialta lena n-áirítear pinsin (+19,5 % i gcoibhneas le 2023). Ní théann na dialltaí réamh-mheasta thar an tairseach 0,3 % de OTI i gcás dialltaí bliantúla, ach sáraíonn siad go mór an tairseach 0,6 % de OTI i gcás dialltaí carnacha. Ciallaíonn sé sin go bhfuil ardriosca ann go n-imeoidh sí go mór ón bhfás glanchaiteachais uasta a mholtar agus toimhde láidir ann nach ndéanfar aon ghníomhaíocht éifeachtach.

(20) Ar bhonn bearta beartais atá aitheanta ag scoithdháta na réamhaisnéise, réamh-mheastar i Réamhaisnéis an Earraigh 2025 ón gCoimisiún easnamh rialtais ghinearálta 8,4 % de OTI in 2026. Comhfhreagraíonn na forbairtí sin d'fhás glanchaiteachais 8,1 % in 2026. Léiríonn an laghdú ar an easnamh in 2026 feabhas ar fhás ioncaim rialtais den chuid is mó, arna spreagadh ag an téarnamh réamh-mheasta i ngníomhaíocht eacnamaíoch. Ar bhonn mheastacháin an Choimisiúin, maidir leis an staid fhioscach, lena n-áirítear caiteachas arna mhaoiniú go náisiúnta agus caiteachas arna mhaoiniú ag an Aontas araon, réamh-mheastar go mbeidh staid neodrach ann den chuid is mó in 2026. D'fhéadfadh comhdhlúthú fioscach rannchuidiú freisin le feabhas a chur ar an staid sheachtrach. Is é réamh-mheastachán an Choimisiúin go dtiocfaidh méadú go 63,3 % ar an gcóimheas fiachais rialtais ghinearálta–OTI faoi dheireadh 2026. Den chuid is mó, léiríonn an méadú ar an gcóimheas fiachais-OTI in 2026 easnamh príomhúil an-ard a bheith ann i gcónaí.

(21) Leis an moladh lena bhformhuinítear plean meántéarmach na Rómáine, sonraítear an tacar athchóirithe agus infheistíochtaí atá mar bhonn taca le síneadh a chur leis an tréimhse choigeartúcháin, mar aon le hamlíne chun iad a chur chun feidhme. Áirítear orthu sin bearta atá ann cheana agus bearta treisithe ón bplean téarnaimh agus athléimneachta, cuir i gcás athbhreithniú cuimsitheach ar an gcreat cánach lena gcumhdaítear gach réimse cánachais, an córas riaracháin cánach a nuachóiriú, athbhreithnithe bliantúla ar chaiteachas, athchóiriú ar phinsin ghinearálta agus speisialta araon, agus sásra nua socraithe pá íosta, chomh maith le hathchóirithe agus

[15] Moladh ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2024 maidir le beartais eacnamaíocha, shóisialta, fostaíochta, struchtúracha agus bhuiséadacha na Rómáine, IO C/2024/6830x, 29.11.2024.

[16] Ó 2026 ar aghaidh beidh na figiúirí sin le feiceáil sa chuntas rialaithe a bhunaítear in Airteagal 22 de Rialachán (AE) 2024/1263.

infheistíochtaí breise, mar shampla bearta chun feabhas a chur ar mhaoiniú gnó agus athchóiriú ar chóras caiteachais na bhfiontar faoi úinéireacht stáit. I measc na n-athchóirithe agus na n-infheistíochtaí atá mar bhonn taca le síneadh a bhí dlite faoin 30 Aibreán 2025, níor cuireadh cuid acu chun feidhme, cuir i gcás an príomh-athchóiriú ar an athbhreithniú ar an gcóras cánach.

Príomhdhúshláin bheartais

(22) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (b), de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.2 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán sin, áirítear sa phlean téarnaimh agus athléimneachta tacar fairsing athchóirithe agus infheistíochtaí a threisíonn a chéile agus atá le cur chun feidhme faoi 2026. Meastar go gcuideoidh siad sin ó thaobh aghaidh a thabhairt ar na dúshláin uile a sainaithníodh sna moltaí tírshonracha ábhartha, nó ar sciar suntasach de na dúshláin sin. Laistigh den tréimhse ghairid sin, tá sé ríthábhachtach cur chun feidhme éifeachtach an phlean téarnaimh agus athléimneachta, lena n-áirítear an chaibidil REPowerEU, a thabhairt chun críche chun borradh a chur faoi iomaíochas fadtéarmach na Rómáine leis an aistriú glas agus leis an aistriú digiteach, agus cothroime shóisialta á háirithiú san am céanna. Chun gealltanais an phlean téarnaimh agus athléimneachta a chomhlíonadh faoi mhí Lúnasa 2026, tá sé ríthábhachtach don Rómáin dlús práinneach a chur le hathchóirithe agus infheistíochtaí a chur chun feidhme trí aghaidh a thabhairt ar mhoilleanna soláthair, rialachas éifeachtach a áirithiú agus acmhainneacht riaracháin a neartú. Chun an próiseas sin a éascú, ní mór don Rómáin an plean a leasú agus infheistíochtaí nach féidir a bhaint amach a thuilleadh i ngeall ar imthosca oibiachtúla a bhaint de, sin agus an chomhpháirt deontais a chosaint. Tá rannpháirtíocht chórasach na n-údarás áitiúil agus réigiúnach, na gcomhpháirtithe sóisialta, na sochaí sibhialta agus páirtithe leasmhara ábhartha eile ríthábhachtach i gcónaí i ndáil le húinéireacht leathan a áirithiú maidir le cur chun feidhme rathúil an phlean téarnaimh agus athléimneachta.

(23) Sa Rómáin, tá dlús curtha le cur chun feidhme chláir an bheartais chomhtháthaithe, lena gcuimsítear tacaíocht ó Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE), ón gCiste um Aistriú Cóir (CUAC), ó Chiste Sóisialta na hEorpa Plus (CSE+) agus ón gCiste Comhtháthaithe (CC). Tá sé tábhachtach leanúint de na hiarrachtaí chun cur chun feidhme tapa na gclár sin a áirithiú, agus a dtionchar ar an láthair á uasmhéadú ag an am céanna. Tá an Rómáin ag gníomhú cheana féin faoina cláir beartais chomhtháthaithe chun borradh a chur faoin iomaíochas agus faoin bhfás. An tráth céanna, tá dúshláin fós le sárú ag an Rómáin, lena n-áirítear iad sin a bhaineann le hoideachas, fostaíocht agus cuimsiú sóisialta, chomh maith le borradh a chur faoin iomaíochas réigiúnach trí thaighde agus nuálaíocht, lena n-áirítear trí theicneolaíochtaí criticiúla a fhorbairt nó a mhonarú, athléimneacht uisce a mhéadú, go háirithe in oirthear agus i ndeisceart na tíre agus inacmhainneacht tithíochta. I gcomhréir le hAirteagal 18 de Rialachán (AE) 2021/1060, ceanglaítear ar an Rómáin – mar chuid den athbhreithniú meántéarma ar chistí an bheartais chomhtháthaithe – gach clár a athbhreithniú agus na dúshláin a sainaithníodh i moltaí tírshonracha 2024, i measc nithe eile, á gcur san áireamh. Leis na tograí ón gCoimisiún a glacadh an 1 Aibreán 2025[17], cuirtear síneadh leis an spriocdháta chun measúnú a chur isteach – le haghaidh gach cláir – ar thoradh an athbhreithnithe mheántéarma tar éis an 31 Márta 2025.

[17] Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialacháin (AE) 2021/1058 agus (AE) 2021/1056 a mhéid a bhaineann le bearta sonracha chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin straitéiseacha i gcomhthéacs an athbhreithnithe meántéarma - COM(2025) 123 final.

Cuirtear ar fáil leis freisin solúbthachtaí chun cuidiú le dlús a chur le cur chun feidhme clár agus dreasachtaí do na Ballstáit acmhainní an bheartais chomhtháthaithe a leithdháileadh ar chúig réimse tosaíochta straitéisí de chuid an Aontais, is iad sin iomaíochas i dteicneolaíochtaí straitéiseacha, cosaint, tithíocht, athléimneacht uisce agus aistriú fuinnimh.

(24) Deis atá san Ardán um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip (STEP) infheistíocht a dhéanamh i gceann de phríomhthosaíochtaí straitéiseacha an Aontais, is é sin iomaíochas an Aontais a neartú. Cuirtear STEP ar fáil trí 11 chiste AE atá ann cheana. Is féidir leis na Ballstáit rannchuidiú leis an gclár InvestEU freisin, clár a thacaíonn le hinfheistíochtaí sna réimsí tosaíochta. D'fhéadfadh an Rómáin na tionscnaimh sin a úsáid chun tacú le forbairt nó monarú teicneolaíochtaí criticiúla, teicneolaíochtaí atá glan agus tíosach ar acmhainní san áireamh.

(25) Chomh maith leis na dúshláin eacnamaíocha agus shóisialta a dtugtar aghaidh orthu sa phlean téarnaimh agus athléimneachta agus i gcistí eile de chuid an Aontais, tá roinnt dúshláin bhreise le sárú ag an Rómáin a bhaineann le dícharbónú an gheilleagair agus táirgeadh fuinnimh, tionscadail mhóra a ullmhú agus tosaíocht a thabhairt dóibh, cáilíocht agus éifeachtacht an riaracháin phoiblí, cosaint shóisialta agus rochtain ar sheirbhísí bunriachtanacha, rannpháirtíocht sa mhargadh saothair agus ganntanais scileanna, bochtaineacht agus eisiamh sóisialta.

(26) Mar a leagtar amach sa Chompás Iomaíochais, ní mór do gach institiúid de chuid an Aontais, do gach institiúid náisiúnta agus do gach institiúid áitiúil iarracht mhór a dhéanamh rialacha níos simplí a leagan síos agus cur le luas na nósanna imeachta riaracháin. Tá spriocanna uaillmhianacha leagtha síos ag an gCoimisiún chun an t-ualach riaracháin a laghdú: faoi 25 % ar a laghad agus 35 % ar a laghad i gcás FBManna; agus tá uirlisí nua cruthaithe aige chun na spriocanna sin a bhaint amach, lena n-áirítear tástáil struis chórasach ar stoc reachtaíocht an Aontais agus idirphlé feabhsaithe le páirtithe leasmhara. Chun teacht leis an uaillmhian sin, ní mór don Rómáin beart a dhéanamh freisin. Measann 82 % de ghnólachtaí go gcruthaíonn castacht na nósanna imeachta riaracháin fadhbanna dá gcuideachta agus iad i mbun gnó sa Rómáin[18]. Is dúshlán í intuarthacht na cinnteoireachta fós, toisc go mbíonn tionchar diúltach aici ar an timpeallacht ghnó. Tá líon na reachtanna éigeandála[19] a eisíodh fós ard, rud a chruthaíonn éiginnteacht agus arb é is dócha a chuireann bac ar infheistíocht. D'ainneoin an chreata institiúidigh sheanbhunaithe le haghaidh comhairliúcháin, tá rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara ábhartha in athchóirithe a dhearadh agus a chur chun feidhme lag, agus is annamh a bhíonn fíor-idirphlé ann, cé go ndearnadh roinnt beart le déanaí chun éifeachtacht comhairliúchán a fheabhsú. Leanann measúnuithe tionchair rialála de bheith ina bhfoirmiúlacht, cé go bhfuil amhras ann faoina gcáilíocht agus go bhfuil a n-úsáid iarbhír éiginnte. Dá ndéanfaí na hathchóirithe sa phlean téarnaimh agus athléimneachta a chur chun feidhme go pras, arb é is aidhm dóibh an acmhainneacht maidir le comhordú beartais agus anailís

[18] 'Businesses' attitudes towards corruption in the EU' [Dearcthaí gnólachtaí i leith an éillithe san Aontas] Flais-Tuarascáil, Tuarascáil Eorabharaiméadair (Aibreán 2024).

[19] Is gníomhartha reachtacha iad Reachtanna Éigeandála Rialtais a bhfuil feidhm dhlíthiúil dlí acu. De réir Airteagal 115 de Bhunreacht na Rómáine, ní féidir leis an Rialtas reachtanna éigeandála a ghlacadh ach amháin i gcásanna eisceachtúla lena n-éilítear go nglacfar iad gan mhoill, agus é d'oibleagáid air an phráinn a threisiú. Tagann na reachtanna éigeandála i bhfeidhm tar éis a thíolacadh lena ndíospóireacht i Seomra inniúil na Parlaiminte agus tar éis a bhfoilsithe san Iris Oifigiúil. Ina dhiaidh sin, ní mór iad a fhormheas le dlí sa Pharlaimint, ach tosaíonn siad ar éifeachtaí dlíthiúla a bheith acu ar dháta a dteacht i bhfeidhm.

tionchair a neartú ar gach leibhéal rialtais, agus cáilíocht na gcomhairliúchán poiblí a mhéadú, chuideofaí le feabhas a chur ar thorthaí eacnamaíocha agus sóisialta.

(27) D'ainneoin roinnt dul chun cinn a bheith déanta ag an Rómáin le tacaíocht ón tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta chun sciar na bhfoinsí in-athnuaite fuinnimh ina meascán fuinnimh a mhéadú, tá córas fuinnimh na tíre fós ag brath go mór ar bhreoslaí iontaise. Tagann 70 % dá meascán fuinnimh uathu. Dá gcuirfí deireadh de réir a chéile le húsáid guail agus dá gcuirfí teorainn le húsáid gáis nádúrtha trí roghanna malartacha níos glaine a chur ina n-ionad, foinsí in-athnuaite fuinnimh go háirithe, chuirfí feabhas ar cháilíocht aeir na Rómáine, laghdófaí astaíochtaí CO_2, agus chosnófaí a geilleagar ar shuaitheadh praghsanna breoslaí iontaise, chomh maith lena spleáchas a laghdú agus dlús a chur leis an tslándáil fuinnimh. Acmhainneacht shuntasach na Rómáine maidir le fuinneamh in-athnuaite (fuinneamh gaoithe agus grianfhuinneamh), is acmhainneacht í nach mbaintear dóthain úsáide aisti, ach trí dhlús a chur lena leathadh amach, d'fhéadfaí tacú le gealltanas na tíre sciar an fhuinnimh in-athnuaite sa tomhaltas fuinnimh iomlán a mhéadú go 38 % faoi 2030, méid nach mbainfear amach leis na beartais atá ann faoi láthair. Tá bacainní iolracha fós roimh an Rómáin maidir le leathadh amach foinsí in-athnuaite fuinnimh – ó éiginnteacht praghsanna go ceadú anásta agus rialacha doiléire maidir le húsáid talún. Go háirithe, d'fhéadfadh cur chun feidhme Dhlí 2024 maidir le Gaoithe Amach ón gCósta 3-7 gigeavata leictreachais a chur leis faoi 2030, agus le hathchóirithe rialála breise, sa phlean téarnaimh agus athléimneachta freisin, chun nósanna imeachta ceadaithe a shimpliú agus a bhrostú, d'fhéadfaí deireadh a chur leis na bacainní ar leathadh amach foinsí in-athnuaite fuinnimh. Chuirfeadh na hiarrachtaí sin ar chumas na Rómáine a gealltanais aeráide 2030 a chomhlíonadh, poist a chruthú agus fuinneamh níos inacmhainne a chur ar fáil do theaghlaigh agus don tionscal.

(28) Chun sciar na bhfoinsí in-athnuaite fuinnimh a mhéadú, ní mór feabhsuithe suntasacha a dhéanamh ar eangacha cumhachta na Rómáine. Ní féidir le na heangacha sin freastal faoi láthair ar mhéadú mór ar ghiniúint fuinnimh gaoithe agus grianfhuinnimh[20]. Mar thoradh ar acmhainneacht tarchurtha neamhleor agus bonneagar atá as dáta, bíonn plódú, ciorrú ar aschur fuinnimh in-athnuaite le linn buaictháirgthe, agus deacrachtaí maidir le tionscadail nua a nascadh. Tá sé beartaithe le straitéis fuinnimh na Rómáine aghaidh a thabhairt ar na fadhbanna sin, agus éilítear léi go ndéanfaí an eangach leictreachais (idir tharchur agus dáileadh) a nuachóiriú agus a dhigitiú trí úsáid a bhaint as teicneolaíochtaí cliste agus stóráil fuinnimh. Chuirfeadh sé sin feabhas ar shlándáil fuinnimh freisin, ós rud é gur féidir le heangach láidir déileáil ar bhealach níos fearr le harduithe tobanna éilimh nó suaití soláthair. D'fhéadfaí eangach náisiúnta níos láidre a chomhlánú le naisc níos láidre le tíortha comharsanachta (cuir i gcás an Ungáir, an Bhulgáir, an Mholdóiv agus an Úcráin). D'fhéadfadh tionscadail, cuir i gcás idirnascaire nua HVDC na Mara Duibhe (lena nasctar cósta Mhuir Dhubh na Rómáine le Lár na hEorpa) an sreabhadh trasteorann a mhéadú agus onnmhairí gaoithe amach ón gcósta amach anseo a chumasú. Ach feabhas a chur ar idirnaisc leictreachais trasteorann, d'fhéadfaí an Rómáin a chomhtháthú ar bhealach níos fearr i margadh fuinnimh na hEorpa agus cobhsaíocht a córais cumhachta a mhéadú, agus an tslándáil fuinnimh a mhéadú ag an am céanna.

(29) Le linn na géarchéime fuinnimh a bhí ann le déanaí, thug an Rómáin bearta éigeandála isteach, cuir i gcás uasteorainneacha ar phraghsanna agus fóirdheontais fhorleathana ar

[20] Féach mar shampla Suirbhéanna Eacnamaíocha ECFE: an Rómáin 2024.

leictreachas agus ar ghás chun teaghlaigh agus gnólachtaí a chosaint ar an ardú as cuimse ar phraghsanna fuinnimh. Cé gur chuir na hidirghabhálacha sin faoiseamh gearrthéarmach ar fáil agus gur chosain siad tomhaltóirí leochaileacha, bhain costas ard fioscach leo agus chruthaigh siad saobhadh margaidh. Cuireann caidhpeanna praghais forleathana na comharthaí míchearta in iúl don mhargadh, rud a dhíspreagann coigilt fuinnimh agus infheistíocht in éifeachtúlacht nó in acmhainneacht nua. Ó tharla go bhfuil praghsanna fuinnimh cobhsaí an athuair, tá sé ríthábhachtach deireadh a chur de réir a chéile leis na scéimeanna tacaíochta éigeandála sin. Fóirdheontais mhóra ábhartha breosla iontaise na Rómáine nach bhfuil plean beartaithe ina leith chun deireadh a chur de réir a chéile leo roimh 2030. Maidir le fóirdheontais breosla iontaise go háirithe, nach dtugann aghaidh ar bhochtaineacht fuinnimh ar bhealach spriocdhírithe ná ar fhíorábhair imní maidir le slándáil fuinnimh, a chuireann bac ar leictriú agus nach bhfuil ríthábhachtach don iomaíochas tionsclaíoch, d'fhéadfaí iad a mheas mar thosaíocht chun deireadh de réir a chéile a chur lena n-úsáid. Sa Rómáin, fóirdheontais breosla iontaise, cuir i gcás tacaíocht do théamh a sholáthraítear do theaghlaigh agus chun na caillteanais arna dtabhú ag cuideachtaí breosla iontaise a chumhdach, tá siad neamhéifeachtúil ó thaobh an gheilleagair de agus cuireann siad fad leis an spleáchas ar bhreoslaí iontaise. Os a choinne sin, bhainfeadh an Rómáin tairbhe as an gcoigilteas chun aghaidh a thabhairt ar an easnamh rialtais ghinearálta ard nach bhfuil inbhuanaithe. Trí phraghsanna neamhshaofa fuinnimh a athbhunú, d'fhéadfaí infheistíocht san fhuinneamh in-athnuaite agus san éifeachtúlacht fuinnimh a spreagadh, rud a chuirfeadh dlús le haistriú na Rómáine chuig fuinneamh glan.

(30) Infheistíochtaí in éifeachtúlacht fuinnimh (foirgnimh a athchóiriú chun gur fearr inslithe a bheidh siad agus córais téimh a uasghrádú), i mbonneagar comhshaoil (líonraí téimh ceantair a nuachóiriú, córais dramhaíola agus uisce a fheabhsú, agus limistéir thionsclaíocha a bhfuil tionchar ag truailliú orthu a fheabhsú) agus i dteicneolaíochtaí glan-nialasacha (tionscail nua a fhorbairt, cuir i gcás comhpháirteanna grianphainéal, cóimeáil ceallraí, nó fiú tionscadail hidrigine), is bearta comhlántacha iad le hathchóirithe na Rómáine ó thaobh an tsoláthair de. Is é is aidhm dóibh sin a áirithiú go mbeidh an t-aistriú fuinnimh costéifeachtach agus cuimsitheach ar fud na réigiún, go háirithe réigiúin atá spleách ar ghual, chun aistriú cothrom a chumasú.

(31) Tá infheistíochtaí suntasacha fós de dhíth ar bhonneagar na Rómáine, go háirithe bonneagair a bhaineann le hiompar inbhuanaithe, fuinneamh glan, agus seirbhísí comhshaoil agus digiteacha, d'ainneoin na tacaíochta suntasaí a sholáthraítear leis an mbeartas comhtháthaithe, leis an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta agus le cistí eile de chuid an Aontais. I roinnt mhaith cásanna, bíonn moill ar thionscadail aibí fiú agus ní i gcónaí a bhíonn an tosaíocht is gá á tabhairt do thionscadail mhóra chun dul chun cinn a dhéanamh de réir sceidil. Dá dtabharfaí aghaidh ar na heasnaimh sin, chuirfí dlús leis an tslándáil pleanála agus d'fhéadfaí tionscadail a chur i gcrích go tráthúil, rud a chuidíonn go minic le hinfheistíochtaí príobháideacha comhlántacha a chumasú. Ní mór cáilíocht agus éifeachtacht an riaracháin phoiblí a fheabhsú a thuilleadh. Tríd an gcreat le haghaidh pleanáil straitéiseach agus bhuiséadach a tugadh isteach leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta a chur i bhfeidhm agus, más gá, tuilleadh feabhais a chur air, thacófaí le forbairt fhadtéarmach na tíre, chomh maith le tosaíocht a thabhairt do ghníomhaíochtaí agus do chomhordú beartais ar an leibhéal lárnach agus ar an leibhéal áitiúil. Go háirithe, is cosúil go bhfuil an creat straitéiseach earnála fós ilroinnte, go bhfuil forluí ann ar fud na n-earnálacha agus nach socraítear tosaíochtaí soiléire ann.

(32) Tá rannpháirtíocht na mban i margadh saothair na Rómáine fós faoi bhun mheán an Aontais (60,3 % i gcomparáid le 70,8 % san Aontas). Ina theannta sin, baineann leibhéil arda dífhostaíochta do dhaoine óga toisc go bhfuil an tríú ráta dífhostaíochta is airde ag an Rómáin do dhaoine óga san Aontas (23,9 % vs 14,9 % AE) agus is ag an Rómáin atá an ráta is airde de dhaoine óga nach bhfuil i mbun oideachais, fostaíochta ná oiliúna san Aontas freisin (19,4 % vs 11 % AE). Ach feabhas a chur ar a seasamh faoi seach agus trína rannpháirtíocht sa mhargadh saothair a mhéadú, d'fhéadfaí gníomhú i gcoinne déimeagrafaic dhíobhálacha go páirteach, chomh maith le deiseanna breise a chur ar fáil do mhná agus do dhaoine óga. I ndáil leis sin, bheadh sé tábhachtach aghaidh a thabhairt ar dhúshláin a bhaineann le bearta gníomhachtúcháin agus rochtain ar oideachas agus cúram na luath-óige, go háirithe i gceantair thuaithe. In 2024, ní raibh ach 11,4 % de leanaí idir 0 agus 3 bliana d'aois cláraithe i gcúram leanaí foirmiúil, líon atá i bhfad faoi bhun mheán an Aontais de 39,2 %, agus ní raibh ach 75,7 % (AE: 94,6 %) de leanaí idir 3 bliana d'aois cláraithe i mbunoideachas éigeantach ag glacadh páirt in oideachas agus cúram na luath-óige in 2022. D'fhéadfadh an Rómáin machnamh a dhéanamh ar bhearta gníomhachtúcháin an mhargaidh saothair a spriocdhíriú ar bhealach níos fearr agus tacaíocht a atreorú ó fhóirdheontais fostaíochta nach bhfuil chomh héifeachtach céanna i dtreo oiliúna agus for-rochtana.

(33) Cé go bhfuil rátaí folúntas fós íseal, tá an Rómáin i measc na mBallstát ina bhfuil an líon is airde gairmeacha le ganntanas ball foirne. Aithníonn fostóirí go bhfuil easpa scileanna iomchuí i measc an luchta saothair ar cheann de na príomhshrianta gnó. Tá gnóthachtáil oideachais threasaigh agus sciar an daonra fásta ag a bhfuil bunscileanna digiteacha ar a laghad fós marbhánta ar leibhéil ísle, rud a chuireann bac ar an iomaíochas. I bhfianaise an laghdaithe réamh-mheasta ar dhaonra na Rómáine atá in aois oibre, d'fhéadfadh ganntanais scileanna dul in olcas gan beartais fheabhsaithe chun cabhrú le daoine obair a aimsiú, uas-sciliú a dhéanamh agus daoine tréitheacha a choinneáil. Cuirtear bac ar éifeachtacht an uas-scilithe agus an athscilithe mar gheall ar an easpa bunscileanna, rud a léirítear leis na drochthorthaí ó Chlár Idirnáisiúnta 2022 um Measúnú Daltaí (PISA). Is ag an Rómáin atá ceann de na rátaí is airde de dhaoine 15 bliana d'aois san Aontas nach bhfuil bunleibhéal inniúlachta acu sa mhatamaitic (48,6 % vs AE: 29,5 %), sa léitheoireacht (41,7 % vs AE: 26,2 %), agus san eolaíocht (44 % vs AE: 24,2 %). Tá an córas gairmoideachais agus gairmoiliúna á nuachóiriú ag an Rómáin chun freastal ar riachtanais an mhargaidh saothair, ach ní bhaineann ach mionlach mac léinn tairbhe as foghlaim obairbhunaithe agus tá rátaí fostaíochta céimithe nua íseal. Chun an t-oideachas, an ghairmoiliúint agus an fhoghlaim ar feadh an tsaoil a dhéanamh níos ábhartha don mhargadh saothair, tá sé tábhachtach ról níos fearr a thabhairt do ghnólachtaí áitiúla i soláthar oiliúna agus faisnéis scileanna a aistriú ar bhealach níos fearr i gceapadh beartas fianaisebhunaithe, i gcuraclaim oiriúnaithe agus i dtairiscint oiliúna.

(34) D'ainneoin an dul chun cinn a rinneadh le déanaí, tá ceann de na rátaí is airde fós de dhaoine fásta agus de leanaí atá i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta san Aontas ag an Rómáin (27,9 %, i gcomparáid le meán an Aontais de 21,0 %) agus baineann leibhéal íseal leordhóthanachta agus cumhdaigh leis an gcóras cosanta sóisialta. Ní mór don Rómáin iarrachtaí spriocdhírithe a dhéanamh chun dul chun cinn a dhéanamh maidir le líon na ndaoine atá i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta a laghdú faoi 2030. D'fhéadfaí é sin a bhaint amach trí bhorradh a chur faoi éifeachtúlacht an chórais cosanta sóisialta, trí chistiú cobhsaí, faireachán éifeachtach agus meastóireacht tionchair agus rochtain níos fearr ar sheirbhísí fíor-riachtanacha agus cumasúcháin a áirithiú, lena n-áirítear do phobail Romacha. Is dúshlán fós é

rochtain mhéadaithe ar chúram sláinte ar ardchaighdeán a áirithiú, go háirithe i gceantair thuaithe agus do ghrúpaí leochaileacha. Cuireann ganntanais ball foirne cáilithe teorainn le hinfhaighteacht seirbhísí cúraim sláinte agus cúraim fhadtéarmaigh. Cuireann cláir atá maoinithe ag an Aontas tacaíocht shuntasach ar fáil, lena n-áirítear trí na 2 000 seirbhís pobail chomhtháite a bhunófar i gceantair thuaithe agus trí sheirbhísí sóisialta, oideachais sláinte agus fostaíochta a neartú. Dá dtabharfaí aghaidh ar na dúshláin sin, chuideofaí freisin le tacú leis an gcóineasú sóisialta aníos, i gcomhréir le hanailís tíre dara céim an Choimisiúin i gcomhréir leis an gCreat um Chóineasú Sóisialta[21].

(35) I bhfianaise ghrinn-athbhreithniú an Choimisiúin agus a chonclúidí maidir le míchothromaíochtaí iomarcacha a bheith ann, léirítear moltaí faoi Airteagal 6 de Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011 i moltaí (1) agus (2). Cuidíonn beartais dá dtagraítear i moladh (1) agus (2) le haghaidh a thabhairt ar leochaileachtaí a bhaineann le heasnaimh mhóra sheachtracha agus fhioscacha.

AG MOLADH LEIS SEO go ngníomhódh an Rómáin in 2025 agus in 2026 chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

1. Caiteachas agus ullmhacht fhoriomlán i réimse na cosanta a threisiú i gcomhréir leis na conclúidí ón gComhairle Eorpach an 6 Márta 2025. An beartas fioscach a dhéanamh i bhfad níos doichte chun a áirithiú go bhfanfaidh glanchaiteachas laistigh den chonair cheartaitheach faoin Nós Imeachta um Easnamh Iomarcach agus chun an staid sheachtrach a threisiú. An tacar athchóiriúcháin agus infheistíochtaí atá mar bhonn taca leis an tréimhse choigeartúcháin fhadaithe a chur chun feidhme mar a mhol an Chomhairle an 21 Eanáir 2025.

2. I bhfianaise na sprioc-amanna is infheidhme chun athchóirithe agus infheistíochtaí a thabhairt chun críche go tráthúil faoi Rialachán (AE) 2021/241, dlús a chur ar bhonn práinne le cur chun feidhme an phlean téarnaimh agus athléimneachta, lena n-áirítear an chaibidil REPowerEU. Dlús a chur le cur chun feidhme chláir an bheartais comhtháthaithe (CFRE, CUAC, CSE+, CC), agus, i gcás inarb iomchuí, na deiseanna a chuirtear ar fáil leis an athbhreithniú meántéarma a thapú agus dul chun cinn a dhéanamh dá réir. An úsáid is fearr is féidir a bhaint as ionstraimí an Aontais, na deiseanna a chuirtear ar fáil le InvestEU agus leis an Ardán um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip san áireamh, chun cur leis an iomaíochas.

3. Cáilíocht agus éifeachtacht an riaracháin phoiblí agus intuarthacht na cinnteoireachta a fheabhsú, agus a áirithiú an tráth céanna nach mbainfidh tionscnaimh reachtacha an bonn den deimhneacht dhlíthiúil trí chomhairliúcháin iomchuí le páirtithe leasmhara, trí mheasúnuithe tionchair éifeachtacha agus trí nósanna imeachta riaracháin cuíchóirithe. Tionscadail mhóra bonneagair a ullmhú ar bhealach níos fearr agus tús áite a thabhairt dóibh agus dlús a chur lena gcur chun feidhme, a áirithiú go ndéanfar tionscadail infheistíochta poiblí aibí go tráthúil, agus infheistíocht phríobháideach a chur chun cinn ar mhaithe le forbairt eacnamaíoch inbhuanaithe a chothú.

4. An spleáchas ar bhreoslaí iontaise a laghdú trí dhlús a chur le leathadh amach an fhuinnimh in-athnuaite, acmhainneacht eangaí a fheabhsú, naisc leictreachais trasteorann a neartú, athchóirithe rialála a chur chun cinn lena mbainfear an riosca de thionscadail fuinnimh ghlain, agus feabhas a chur ar thrédhearcacht agus

[21] SWD(2025)95 – Anailís tíre dara céim ar chóineasú sóisialta i gcomhréir leis an gCreat um Chóineasú Sóisialta (SCF), 2025.

éifeachtúlacht sa phróiseas ceadaithe. An spleáchas ar bhreoslaí iontaise a laghdú, go háirithe trí dheireadh a chur de réir a chéile le fóirdheontais breoslaí iontaise in earnáil an téimh agus infheistíocht a dhéanamh in éifeachtúlacht fuinnimh, i mbonneagar comhshaoil agus i nuálaíocht, agus éagothromaíochtaí réigiúnacha amhail an tionchar ar réigiúin an ghuail á gcur san áireamh. Deireadh a chur leis na bearta tacaíochta éigeandála fuinnimh atá i bhfeidhm trí úsáid a bhaint as an gcoigilteas gaolmhar chun an t-easnamh rialtais a laghdú.

5. Rannpháirtíocht na mban agus daoine óga sa mhargadh saothair a neartú trí fheabhas a chur ar éifeachtacht na mbeartas gníomhach maidir leis an margadh saothair agus ar rannpháirtíocht in oideachas agus i gcúram na luath-óige. Dul i ngleic le ganntanais scileanna trí bhorradh a chur faoi bhunscileanna agus scileanna an lucht saothair atá ábhartha don mhargadh saothair, chomh maith le rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara a fheabhsú agus an úsáid is fearr a bhaint as faisnéis scileanna i mbeartais oideachais agus scileanna.

6. Rioscaí bochtaineachta agus eisiaimh shóisialta a laghdú trí chosaint shóisialta a leathnú agus a héifeachtacht a fheabhsú, lena n-áirítear trí rochtain níos fearr ar sheirbhísí bunriachtanacha agus cumasúcháin ar ardchaighdeán, díriú ar sheirbhísí comhtháite sóisialta, sláinte, oideachais agus fostaíochta, go háirithe do Romaigh agus do ghrúpaí eile faoi mhíbhuntáiste, agus inbhuanaitheacht fhioscach á coinneáil ar bun an tráth céanna.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán